

MÚINTEOIRÍ PRÍOMHSHRUTHA DARA LEIBHÉAL AR MIAN LEO SAOIRE STAIDÉIR ÍOCTHA A GHLACADH LE HAGHAIDH CÚRSAÍ CEADAITHE.

TABHAIR FAOI DEARA: Ní bhaineann aon chostas leis an
Socrú Ionadaíochta don Choiste.

Buntáistí do Mhúinteoirí ar Saoire Staidéir Íoctha

☞ Chun aoisliúntas a ríomh, ní bhristear seirbhís an mhúinteora.

SOCRUITHE I GCÁS INA GCEADAÍTEAR IAD:

- ☞ Ní mór don Phríomhoide cinneadh a dhéanamh maidir le cé mhéad ionadaí páirtaimseartha atá ag teastáil agus conas a roinnfear na huaireanta i measc na múinteoirí páirtaimseartha seo.
- ☞ Cuireann an Príomhoide tuarascáil faoi bhráid AD maidir le socruithe uaireanta ionadaíochta páirtaimseartha.
- ☞ Déanann AD costas iomlán an ionadaíochta a ríomh, lena n-áirítear costas ÁSPC an fhostóra. Is é seo an méid a ghearrtar i gcoinne tuarastal glan an mhúinteora.
- ☞ Cuirfidh AD litir faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim freisin ag cur in iúl socrú saoire staidéir íoctha an mhúinteora agus costas ionadaíochta. D'fhéadfadh faoiseamh cánach a bheith mar thoradh air seo i bhfoirm creidmheasanna breise le linn na bliana staidéir.
- ☞ Má tá Post Freagrachta (POR) ag múinteoir, scoirfidh íocaíocht an liúntais don bhliain agus fógraítear an post ar bhonn téarma/cuspóra seasta.

Sampla de Sheicheamh na gCéimeanna nach mór a ghlacadh:

1. Cuireann an múinteoir iarratas ar saoire staidéir íoctha faoi bhráid an POF/an Phríomhoide/an Bhord Bainistíochta.
2. Ceadaítear an t-iarratas.
3. Socraíonn an Príomhoide ionadaíocht agus cuireann sé/sí na sonraí in iúl don AD.
4. Ag glacadh leis, mar atá sa sampla, go bhfuil 3 ionadaí fostaithe, cuireann an Príomhoide AD ar an eolas faoi ainmneacha, uaireanta conartha seachtainiúla, dátaí tosaigh agus críochnaithe.

5. Déanfaidh AD meastachán ar chostas foriomlán na hionadaíochta bunaithe ar fhaisnéis a chuirfidh an Príomhoide isteach; agus an costas á mheas, cuirtear an méid seo a leanas san áireamh:
- ☞ ráta pá in aghaidh na huaire do mhúinteoirí ionaid
 - ráta pearsanta nó ráta cáilithe
 - ☞ costas ÁSPC an fhostóra ag 10.75%

Sampla de Shocrú Neodrach ó thaobh Costais de

	€
Pá Comhlán an Mhúinteora	64000
Lúide Cáin/ÁSPC etc.	28800
Glanphá Bliantúil an Mhúinteora	<u>35200</u>

Ag glacadh leis go bhfuil 3 ionadaí fostaithe, agus gurb ionann a rátaí pá agus
 €50 san uair = 22 uair an chloig x 50
 costas seachtainiúil.

22 x 50	1100
33.4 seachtain x €1100	36740
Móide ÁSPC an fhostóra @ 10.75%	<u>3949.55</u>
Costas iomlán na hionadaíochta:	<u>40689.55</u>

Sa chás thuas, tá costas na hionadaíochta níos airde ná an glanphá.
 Dá bharr sin, ní mór don mhúinteoir leanúint de chostais ionadaíochta a íoc isteach sa bhliain acadúil ina dhiaidh sin sa chás go dtagann a leithéid chun cinn i.e. costais níos airde ná glanphá.
 Dá bhrí sin, sa sampla thuas, ní mór €5,489 a aisghabháil ó ghlanphá an mhúinteora go dtí go nglanfar é.